Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, etc., agus ar il-ranníocaíochtaí agus ilspeansais a bhaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €19,326 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Níor sainaithníodh mór-rioscaí airgeadais ar bith i ndáil le Vóta 35 Arm-Phinsin.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

26 Feabhra 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35 Arm-Phinsin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/(h)Oifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m’iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Cosaint. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Lúnasa 2015

# Vóta 35 Arm-Phinsin

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 220,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,700 | | | |
| | | | | 225,690 | 225,674 | 223,667 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 220,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,700 | | | |
| | | | | **225,690** | **225,674** | **223,667** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | | **5,500** | **5,503** | **5,657** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 215,390 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,800 | | | |
| | | | | **220,190** | **220,171** | **218,010** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le tabhairt suas | 19,326 | 201,545 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 70 | 70 | 80 |
| | | 70 | 70 | 80 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | 225,604 | 223,587 |
| Pá | 56 | 69 |
| Neamhphá | 14 | 11 |
| **Ollchaiteachas** | **225,674** | **223,667** |
| *Asbhain* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,503** | **5,657** |
| **Caiteachas díreach** | **220,171** | **218,010** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 1,672 | 1,851 |
| **Costas glan cláir** | **221,843** | **219,861** |

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile maidir le tuarastail riaracháin agus seirbhísí eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | — | 151 |
| Vóta 36 Cosaint | m | 1,672 | 1,700 |
| | | **1,672** | **1,851** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 61 | 237 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.3 | 1 | 2 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **62** | **239** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.4 | 45 | 38 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 17 | 201 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **62** | **239** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **—** | **—** |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **—** | **—** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | — | — |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 220,190 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (19) | | |
| Vóta glan | | | 220,171 | 218,010 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,672 | 1,851 |
| Costas glan cláir | 1 | | (221,843) | (219,861) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

| **2.2 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 61 | 239 |
| Orduithe gan íoc | — | (2) |
| | 61 | 237 |

| **2.3 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1 | 2 |
| | 1 | 2 |

| **2.4 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 3 | 6 |
| | 3 | 6 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 42 | 32 |
| | 45 | 38 |

| **2.5 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 19 | 202 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2) | (1) |
| Glandliteanas don Státchiste | 17 | 201 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 61 | 237 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1 | 2 |
| | 62 | 239 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3) | (6) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (42) | (32) |
| | (45) | (38) |
| | 17 | 201 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 70 | 70 | 80 |
| A.2 | Scéimeanna Óglaigh na hÉireann (pinsin) agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 210,620 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,120 | 216,740 | 216,717 | 214,184 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,130) | 8,270 | 8,281 | 8,635 |
| A.4 | Íocaíochtaí le cleithiúnaithe na n-iarshaighdiúirí a bhí i gCogadh na Saoirse | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (38) | 562 | 563 | 724 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 200 | | | |
| | | *Forlíontach* | (192) | 8 | 4 | 6 |
| A.6 | Fearais leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (60) | 40 | 39 | 38 |
| | | | | 225,690 | 225,674 | 223,667 |

**Athruithe suntasacha**

Bhí gá ann le Meastachán Forlíontach de €6.12 milliún ar Fho-cheannteideal A2 le freastal a dhéanamh ar na costais a bhain le líon méadaithe Pinsinéirí ón Arm. Rinneadh seo a fhritháireamh go páirteach trí choigilteas ar luach €1.42 milliún a d'eascair go príomha ar Fho-cheannteidil A3 agus A5, atá faoi thiomáint éilimh. I mbliain ar bith, bíonn sé an-deacair tuar beacht a dhéanamh maidir le líon cruinn na scor deonach ó Óglaigh na hÉireann le teidlíocht do shochair láithreacha scoir; beidh leibhéal na sochar céanna éagsúil, ag brath ar sheirbhís, ar an rang scoir agus ar an bpá inphinsin. Is féidir go n-eascróidh caiteachas níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall air seo. Níor leor an bunleithdháileadh le freastal a dhéanamh ar gach riachtanas i 2014.

# 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin Óglaigh na hÉireann do Chéilí agus Leanaí | | 3,947 | 3,952 | 4,122 |
| 2. | Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsin Ranníocacha Óglaigh na hÉireann | | 1,500 | 1,514 | 1,476 |
| 3. | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 40 | | | |
| | *Forlíontach* | (10) | 30 | 22 | 33 |
| 4. | Íocaíochtaí a fuarthas i ndáil le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 40 | | | |
| | *Forlíontach* | (25) | 15 | 12 | 2 |
| 5. | Nithe ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 70 | | | |
| | *Forlíontach* | (65) | 5 | — | 21 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | | 3 | 3 | 3 |
| | **Iomlán** | | **5,500** | **5,503** | **5,657** |

**Míniú ar na hathruithe suntasacha**

Laghdaigh meastachán forlíontach diúltach an bunmheastachán leithreasaí i gcabhair faoi €100,000.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 1 | 2 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 55 | 67 |
| ÁSPC fostóra | 1 | 2 |
| **Pá iomlán** | **56** | **69** |

Tugann ball foirne amháin tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean.

Tá baint ag 25.2 fostaí (coibhéis lánaimseartha) de chuid na Roinne Cosanta le riar na bpinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Is ionann a luach saothair agus thart ar €1.1 milliún, agus muirearaítear é ar Vóta 36.

### 5.1 Pinsean Scoir (Bliantúil) – Íocaíochtaí Meán do phearsanra Óglaigh na hÉireann ar scor[a]

| Catagóir an phinsinéara | Líon na faighteoirí pinsin ag deireadh na bliana | | Meán Íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2014** | **2013** | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Oifigigh ar scor | 1,696 | 1,645 | €30,600 | €31,200 |
| Scortha NCOs agus saighdiúir singil | 8,309 | 8,264 | €16,500 | €16,400 |
| Cleithiúnaithe agus eile[b] | 2,033 | 2,085 | | |
| **Iomláin** | **12,038** | **11,994** | | |

[a] Léiríonn Clár 5.1 comhaireamh iomlán líon na ndaoine do gach catagóir faighteora ó gach fo-cheannteideal laistigh de Vóta 35 ag deireadh na bliana. Sochair a bhaineann le cineál an aoisliúntais trí mheán pinsin agus aisce (cnapshuim) iníoctha d'iarbhaill an Bhuanfhórsa Chosanta agus do chléithiúnaithe na mball éagtha atá i gceist le thart ar 95% de gach cineál caiteachais phinsean míleata. Faigheann roinnt pearsanra atá ar scor idir phinsean scoir míleata agus phinsean míchumais míleata, agus tá íocaíochtaí gaolmhara iníoctha freisin do roinnt céilí/leanaí pearsanra éagtha: ní áirítear a leithéid d'fhaighteoirí dúbailte ach uair amháin do chuspóirí comhairimh líon na ndaoine thuas.

[b] Níor taifeadadh an mheáníocaíocht thuas faoi 'Cléithiúnaithe agus Eile' ós rud é gur minic a bhíonn na suimeanna éagsúil mar gheall ar na catagóirí éagsúla faighteoirí laistigh den fhoghrúpa seo. Ba é meánphinsean iomlán na gcleithiúnaithe a bhaineann le haoisliúntas i 2014 ná €9,000, thart ar an méid céanna a íocadh i 2013.

**5.2 Aisce Scoir (Cnapshuime) – Íocaíochtaaí Meán áit ag dul ar scor ar phinsean[a]**

| Catagóir an phinsinéara | Líon na faighteoirí pinsin ag deireadh na bliana | | Meán Íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2014** | **2013** | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Oifigigh – pinsinéirí nua ar phinsean I rith na bliana | 71 | 55 | €85,500 | €80,600 |
| ONC agus Saighdiúirí – pinsinéirí nua ar phinsean I rith na bliana | 188 | 209 | €42,500 | €38,600 |

[a] Beidh leibhéal an phinsin agus na haisce scoir éagsúil, ag brath ar an rang scoir, ar an tuilleamh inphinsin, ar an tseirbhís iomlán ináirithe agus mar sin de.

# 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Ró-íocaíochtaí

Tá 81 cás de ró-íocaíochtaí ann san am i láthair dar fiú €50,303; baineann €33,693 den tsuim seo le blianta roimhe seo. Tháinig ró-íocaíochtaí arbh fhiú €58,921 iad chun cinn sa bhliain 2014. Den fhigiúr sin, aisghabhadh €39,957 agus díscríobhadh €2,354. Táthar ag féachaint faoi láthair leis na méideanna gan íoc a aisghabháil.

| | € | € |
|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh** | | **46,015** |
| Ró-íocaíocht a sainaithníodh in 2014 | | 58,921 |
| | | 104,936 |
| **Forchúitithe** | | |
| 2014 | 39,957 | |
| Roimh 2014 | 11,438 | |
| | | 51,395 |
| | | 53,541 |
| **Díscríofa** | | |
| 2014 | 2,354 | |
| Roimh 2014 | 884 | |
| | | 3,238 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **50,303** |